

Fiosrúchán ar Airbnb Ireland UC

(Uimh. Fiosrúcháin an Choimisiúin: IN-21-3-1)

Dáta an Chinnidh: 14 Meán Fómhair 2022

An 14 Meán Fómhair 2022, tar éis fiosrúcháin, ghlac an Coimisiún um Chosaint Sonraí (“**an Coimisiún**”) cinneadh chun cumhachtaí ceartaitheacha a fheidhmiú i leith Airbnb Ireland UC (“**Airbnb**”).

Thosaigh an Coimisiún an fiosrúchán sin an 25 Márta 2021 de bhun gearán a fháil á rá gur mhainnigh Airbnb iarraidh léirscriosta agus iarraidh rochtana ina dhiaidh sin a chuir an Gearánach faoina bhráid a chomhlíonadh laistigh den chreat ama reachtúil agus gur tharla sé, nuair a chuir an Gearánach an iarraidh léirscriosta uaidh isteach, gur iarr Airbnb air a aitheantas a fhíorú trí fhótachóip dá dhoiciméad aitheantais (“**aitheantas**”) a sholáthar, rud nár soláthraíodh do Airbnb roimhe sin.

Bhain raon feidhme an fhiosrúcháin le scrúdú agus measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- a) Cé acu a bhí nó nach raibh bunús dleathach ag Airbnb le cóip d’aitheantas an Ghearánaigh a iarraidh chun a aitheantas a fhíorú in imthosca inar chuir sé iarraidh léirscriosta isteach de bhun Airteagal 17;
- b) Cé acu a láimhseáil nó nár láimhseáil Airbnb an iarraidh léirscriosta ón nGearánach i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an Acht; agus
- c) Cé acu a láimhseáil nó nár láimhseáil Airbnb an iarraidh rochtana ón nGearánach i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an Acht.

Ós rud é gurbh ionann an phróiseáil a bhí i gceist agus próiseáil “*trasteorann*”, bhí an cinneadh ón gCoimisiún faoi réir an tsásra comhair agus comhsheasmhachta atá leagtha amach in Airteagal 60 RGCS agus, de bhun Airteagal 60(3) RGCS, chuir an Coimisiún an dréachtchinneadh uaidh faoi bhráid na n-údarás maoirseachta lena mbaineann ar mhaithe le tuairim a fháil uathu. Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon agóidí ábhartha réasúnaithe in aghaidh an dréachtchinnidh ó na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann laistigh den tréimhse reachtúil, measadh gur aontaigh na húdaráis mhaoirseachta leis an dréachtchinneadh ón gCoimisiún agus tá siad faoi cheangal aige de réir Airteagal 60(6) RGCS. Ghlac an Coimisiún an cinneadh uaidh i ndáil leis an gearán seo de réir Airteagal 60(7) RGCS.

Glacadh an cinneadh Dé Céadaoin an 14 Meán Fómhair 2022 agus taifeadtar na

sárúithe seo a leanas ann:

- **Airteagal 5(1)(c) RGCS**

Cinneann an Coimisiún gur sháraigh Airbnb prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, de bhun Airteagal 5(1)(c) RGCS, nuair a cheangail sé ar an nGearánach a aitheantas a fhíorú trí chóip dá aitheantas fótagrafach a chur isteach. Tharla an sárú seo in imthosca ina raibh réitigh nach raibh chomh sonraíbhunaithe céanna ar cheist an fhíorúcháin aitheantais ar fáil do Airbnb.

- **Airteagal 6(1) RGCS**

Cinneann an Coimisiún gur tharla sé, in imthosca sonracha an ghearáin seo, nach bhfuil an leas dlisteanach a shaothraigh an rialaitheoir ina bhunús dleathach bailí faoi Airteagal 6 RGCS le cóip d'aitheantas fótagrafach an Ghearánaigh a iarraidh chun an iarraidh léirscríosta uaidh a phróiseáil.

- **Airteagal 12(3) RGCS**

Cinneann an Coimisiún gur sháraigh Airbnb Airteagal 12(3) RGCS i ndáil leis an dóigh ar láimhseáil sé an iarraidh rochtana ón nGearánach. Tharla an sárú seo nuair a mhainnigh Airbnb faisnéis a sholáthar don Ghearánach faoin ngníomh a rinneadh i dtaca leis an iarraidh rochtana uaidh laistigh de mhí amháin ón iarraidh a fháil.